Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-64 42741. **Facs:**+353-90-647 3080. **Gréasán:** www.examinations.ie. **R-phost:** info@examinations.ie

S66/15

CHUIG: ÚDARÁIS BHAINISTÍOCHTA NA SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL

Scrúdú Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh, 2016

Tugadh siollabas leasaithe le haghaidh Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh isteach sna scoileanna ó Mheán Fómhair, 2003 ar aghaidh. Scrúdaíodh an siollabas leasaithe den chéad uair i scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2006.

Tá **trí chomhpháirt** sa mheasúnacht:

a) Obair chúrsa phraiticiúil

i) Obair Chúrsa **A** **(60 marc / 10%)**
ii) Obair Chúrsa **B** **(150 marc / 25%)**

b) Scrúdú Scríofa Cinn Chúrsa **(390 marc / 65%)**

Rianaítear sa chiorclán seo na socruithe maidir le cur i láthair agus measúnú an Leabhráin Tuarascála. Is cóir é a léamh i gcomhthéacs na gciorclán S68/08 agus S69/04, ina leagtar amach polasaí agus cleachtas Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) maidir le measúnú obair chúrsa phraiticiúil sna scrúduithe teistiméireachta. Tá cóipeanna de na ciorcláin sin le fáil ar shuíomh gréasáin CSS, www.examinations.ie faoi Scoileanna/Ciorcláin.

Ní mór an obair chúrsa phraiticiúil a chur isteach sa Leabhrán Tuarascála. Níor chóir aon rud breise ná aon iatán a chur isteach in éineacht leis an leabhrán.

Ní mór do na hiarrthóirí na leathanaigh 5 go dtí 7 den Leabhrán Tuarascála a chomhlánú le marcanna a éileamh le haghaidh Obair Chúrsa A. D'fhéadfadh sé go gcaillfí na marcanna ar an gcomhpháirt seo mura ndéantar amhlaidh.

Leabhráin Tuarascála *Pro-forma* a úsáid

Ní mór do gach iarrthóir Leabhrán Tuarascála, a chuirfear chuig na scoileanna, a chomhlánú in imeacht na scoilbhliana reatha. Déan deimhin de, le bhur dtoil, go bhfuil dóthain leabhrán ag an scoil agus, mura bhfuil, gabhadh an scoil i dteagmháil le CSS láithreach. **Ní eiseofar freagarleabhair bhreise ach ar iarratas sa ríomhphost chuig projectbooklets@examinations.ie. Ní sheolfar amach aon leabhrán breise tar éis 31 Nollaig, 2015.** Tugtar faoi deara go bhfuil leabhrán samplach ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Is féidir é a chóipeáil anuas *mar mhaithe le cleachtadh amháin*. Má sheoltar isteach obair ar an leabhrán samplach seo, ní ghlacfar leis mar obair bhailí. Is féidir an leabhrán a fháil ar www.examinations.ie sa rannóg faoin Eolaíocht faoi na naisc Eolas faoi Scrúduithe/Obair Chúrsa Phraiticiúil

Ba chóir go mbeadh sonraí sa leabhrán comhlánaithe den éileamh ar mharcanna maidir le hObair Chúrsa A chomh maith le tuarascáil an iarrthóra ar an obair a rinneadh d'Obair Chúrsa B. Éilíonn Obair Chúrsa B go ndéanfadh iarrthóirí tuarascáil ar dhá fhiosrúchán a rinne siad as na trí cinn atá sonraithe ag CSS i gcomhair 2016, nó go ndéanfaidís tuarascáil ar fhiosrúchán níos substaintiúla amháin dá rogha féin a rinne siad. Tá leabhráin tuarascála ar leith ar fáil ó CSS don dara rogha seo ach iad a lorg.

A thábhachtaí atá sé a dheimhniú gurb é obair indibhidiúil an iarrthóra féin atá sa Leabhrán Tuarascála

Obair indibhidiúil an iarrthóra féin a chaithfidh a bheith san fhiosrúchán / sna fiosrúcháin agus sa tuarascáil / sna tuarascálacha a chuirtear i láthair sa Leabhrán Tuarascála. Ní ghlacfar le haghaidh measúnachta ach Leabhráin chomhlánaithe a bheidh deimhnithe ag na húdaráis scoileanna ar fhoirmeacha a chuirfidh an Coimisiún ar fáil, á dhearbhú gur obair indibhidiúil an iarrthóra féin atá iontu. Ba chóir go ndéanfadh múinteoirí monatóireacht ar dhul chun cinn obair na n-iarrthóirí ar bhonn rialta. Dírítear aird na n-iarrthóirí agus na múinteoirí ar na ciorcláin S68/08 agus S69/04. **Tugtar faoi deara, le do thoil, nach mór don iarrthóir féin an scríbhneoireacht ar fad a dhéanamh sa leabhrán tuarascála.**

I gcás go mbíonn amhras ar bith ann maidir le cóipeáil, cúnamh míchuí ó aon pháirtí eile, bradaíl nó soláthar oibre a d'ullmhaigh páirtí eile, déanfar sin a fhiosrú go hiomlán. Ba chóir a chur ar a súile d'iarrthóirí na pionóis is féidir a ghearradh faoi *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna*. Ar na pionóis sin tá, cailliúint an ábhair, cailliúint an scrúdaithe sna hábhair ar fad go huile is go hiomlán, nó a bheith toirmiscthe ar na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta ina dhiaidh sin.

Aithnítear gur féidir na fiosrúcháin a dhéanamh i ngrúpaí beaga i gcásanna áirithe. **Obair indibhidiúil an iarrthóra féin is cóir a bheith sa tuarascáil i ngach cás, áfach.** Ní mór obair indibhidiúil an iarrthóra féin a shonrú go soiléir sa leabhrán. Tá de fhreagracht ar **gach iarrthóir** sa ghrúpa a dheimhniú go gcuirfear a c(h)uid oibre féin i láthair go soiléir. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach as foinsí tánaisteacha – seachas tagairtí riachtanacha, e.g. sainmhínithe. Is cóir na foinsí tánaisteacha (leabhair, irisí, suímh ghréasáin, etc.) a lua agus a admháil mar is cuí.

Is cóir na Leabhráin Tuarascála a bheith comhlánaithe faoi **29 Aibreán 2016**. Ar an dáta sin is cóir a threorú do gach iarrthóir a Leabhrán Tuarascála comhlánaithe a chur isteach i gclúdach iarrthóra a chuirfidh CSS ar fáil. Ní mór don iarrthóir a scrúduimhir a chur ar chumhdach an chlúdaigh. **Níor chóir dréachtaí breise den tuarascáil / de na tuarascálacha ar Obair Chúrsa B ná leabhair nótaí saotharlainne a bhaineann le hObair Chúrsa A a chur isteach i gclúdach an iarrthóra.** Nuair a bheidh an clúdach séalaithe, is cóir don iarrthóir é a thabhairt ar láimh d'údaráis na scoile. Iarrtar ar scoileanna na clúdaigh uile ina bhfuil na Leabhráin Tuarascála a choinneáil in áit shábháilte go dtí lá an scrúdaithe scríofa. Lena chois sin, ní mór taifid na n-iarrthóirí ar na fiosrúcháin éigeantacha, i.e. na tuarascálacha, a bheith ar fáil le haghaidh monatóireachta ag CSS i rith thréimhse an scrúdúcháin.

Is cóir d'iarrthóirí bliain an scrúdaithe agus a scrúduimhir a scríobh sna boscaí cuí. Seolfar chuig na scoileanna le himeacht ama soláthar clúdach atá deartha go speisialta.

Freagairt trí Ghaeilge

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach mbronnfar marcanna bónais ar aon obair chúrsa a dhéanfar trí Ghaeilge, díreach mar a tharlaíonn i gcás na scrúduithe eile ar fad a bhfuil comhpháirteanna iontu seachas an scrúdú foirmiúil scríofa.

Liosta na dTopaicí Sonraithe i 2016

Tá liosta de na topaicí sonraithe i gcomhair **2016** faoi iamh freisin.

Cuir an ciorclán seo agus Liosta na dTopaicí Sonraithe, 2016, faoi bhráid na múinteoirí i do scoil atá ag plé le siollabas Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh, le do thoil.

Má bhíonn aon cheist agat faoi aon chuid de seo téigh i dteagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag 090 644 2741/42/45.

Robert Cornally
Oifigeach Feidhmiúcháin
Deireadh Fómhair 2015